Pobalscoil Chorca Dhuibhne

8 Lúnasa 2022

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus ag baint taitnimh as an samhradh.

Agus sinn ag druidim i dtreo lár mhí Lúnasa, tá sé in am tosnú ag smaoineamh ar athoscailt na scoile arís. Táimid in anois in ann bogadh ar aghaidh ó na srianta a bhain leis an bpaindéim, buíochas le Dia. Táimid ag súil go mór le gnáth scoilbhliain i mbliana.

Ó mhí Mhárta 2020 ag tús na paindéime, bhíomar ana-aireach faoi na dúshláin go raibh daltaí ag dul i ngleic leo. Dá bharr san, ní rabhamar ag súil leis na caighdeáin chéanna i ngnéithe áirithe atá lárnach d'eiteas Phobalscoil Chorca Dhuibhne. Chun cabhrú leis na daltaí filleadh ar ais ar scoil le meon dearfach agus chun gnáthlá agus leanúnachas a chur chun cinn, beimid anois ag súil le filleadh ar na gnáth-chaighdeáin arda a bhíonn againn i gcónaí. Tá sé seo tábhachtach ionas gur féidir leis an scoil feidhmiú i gceart ach chomh maith leis sin, tá sé riachtanach do dhaoine óga go mbeifí ag súil le caighdeáin arda uathu a chabhróidh leo fás agus forbairt ina ndaoine fásta freagracha. Mar is gnáth, táimid ag súil é seo a bhaint amach i slí dearfach le tacaíocht agus comhoibriú uaibhse. Beimid ag díriú go speisialta ar an nGaolainn, an éide scoile agus an córas *Yondr* aríst i mbliana.

Táimid thar a bheith bródúil gur scoil Ghaeltachta sinn agus bímid i gcónaí ag iarraidh an Ghaolainn a chur chun cinn agus tógaint ar an sár-obair atá á déanamh sa bhaile agus sna bunscoileanna. Beimid ag cur béim ar leith ar úsáid na teanga go sóisialta i measc daltaí i ngach cumarsáid a dhéanann siad timpeall na scoile. Teastaíonn uainn é seo a bhaint amach ar shlí dearfach a bheadh tiomáinte ag na daltaí. Bhí 'Comórtas Labhairt na Gaolainne' againn anuraidh a chuaigh ó neart go neart de réir mar a bhí an bhliain ag dul ar aghaidh. Bhuaigh beirt dalta duaiseanna iontacha Mí Bealtaine seo caite, rothar agus *Nintendo Switch*. Beimid ag tógaint ar an gcomórtas seo arís i mbliana.

Chomh maith leis sin beimid ag súil le caighdeáin arda maidir leis an éide scoile. Beimid ag baint úsáid as córas stampaí faoi mar atá leagtha amach sa Chód Iompair. Déanfar teagmháil le tuismitheoirí chun aghaidh a thabhairt ar aon cheist bainteach leis an éide scoile. Mar chuid de tú féin a chur i láthair agus tú ullamh don lá scoile, beifear ag súil go mbeidh éide scoile gach dalta néata, glan agus iomlán leis an geansaí scoile san áireamh ansan. Molaimid bróga dubha leathair ach sa chás go bhfuil dalta ag caitheamh bróga reatha dubha, caithfidh an lógó agus an tsáil a bheith dubh chomh maith. Caithfear bríste

scoile a chaitheamh. Níl bríste *athletic wear* liath, *jeans* liath ná *chinos* liath oiriúnach, mar shampla.
Faoi mar a bhí i gceist anuraidh, is féidir an chulaith reatha le éadaí reatha thíos faoi a chaitheamh an lá go bhfuil corpoideachas ar siúl.

Faoi mar is eol daoibh go léir, cuireadh an córas *Yondr* i bhfeidhm anuraidh chun oideachas a chur ar na daltaí maidir le húsáid fón póca agus srian a chur le am scáileáin i rith an lae scoile. Go ginéarálta bhíomar ana shásta leis na torthaí, bhí feabhas le brath maidir le haird na ndaltaí sna ranganna agus isliú mór maidir le heachtraí diúltacha a bhain leis na fóin i rith an lá scoile. Beimid ag iarraidh cur leis an togra seo i mbliana.

Mar is gnáth, táimid ag súil le tacaíocht agus comhoibriú uaibhse maidir leis na tograí seo.

Tiocfaidh na ranganna thar n-ais de réir a chéile ó Dé Luain an 29 Lúnasa ar aghaidh, féach na sonraí thíos. Tiocfaidh an Idirbhliain ar ais ar an Luan an 5 Meán Fómhair. Beidh na busanna scoile i mbun oibre ón Máirt 30 Lúnasa ar maidin agus tar éis scoile ar a 16.00 tráthnóna. Na ranganna san a bheidh istigh ar dtús ar feadh leathlae, caithfear iad san a bhailiú an lá áirithe sin.

**Dé Luain 29 Lúnasa**

| | |
|---|---|
| 09.00 – 12.00 | Bliain 1 |

**Dé Máirt 30 Lúnasa**

| | |
|---|---|
| 09.00 – 12.00 | Bliain 6 |
| 09.00 – 16.00 | Bliain 1 |

**Dé Céadaoin 31 Lúnasa**

| | |
|---|---|
| 0900 - 1200 | Bliain 5 |
| 0900 - 1600 | Bliain 6 & 1 |

**Déardaoin 1 Meán Fómhair**

| | |
|---|---|
| 09.00 – 12.00 | Bliain 3 |
| 09.00 – 16.00 | Bliain 6, 5 & 1 |

**Dé hAoine 2 Meán Fómhair**

| | |
|---|---|
| 09.00 – 13.15 | Bliain 6, 5, 3, 2 agus Bliain 1 |

**Dé Luain 5 Meán Fómhair**

| | |
|---|---|
| 09.00 – 16.00 | Gach rang, An Idirbhliain san áireamh |

Más gá d'éinne teagmháil a dhéanamh leis an scoil maidir leis an athoscailt ná bíodh leisce oraibh glaoch a chur orm nó ríomhphost a sheoladh chugam ag em@pcd07.ie.

Táimid ag súil go mór le fáilte a chur thar n-ais roimh na héinne agus déanfaimid ár ndícheall glan le cinntiú go mbeidh bliain scoile chomh taitneamhach agus chomh normálta agus is féidir ag na daltaí.

Éamonn Mac Muiris

Le buíochas,

____________________________

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide